2025.S74T

2025J220C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Oideachas Reiligiúnach

## Comhleibhéal

Dé Céadaoin 4 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir** | | | | | |

**Dáta Breithe** | | / | | / | |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn B | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn C | 120 marc | 5 cheist |

Freagair gach ceist.

Níl gach ceist ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh Roinn A, Roinn B agus Roinn C sa leabhrán. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Má scríobhann tú aon rud taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir é.

Ní mór duit an leabhrán scrúdaithe seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

| | |
|---|---|
| **Roinn A** | **120 marc** |

**Ceist 1**

**(a)**



… Gach céim a ghlacaim … Gach uair a bhogaim,
mothaím caillte gan aon treo … Ach, … caithfidh mé
leanúint orm agus iarracht a dhéanamh … Beidh streachailt
chrua ann i gcónaí … Uaireanta beidh orm cailleadh …
Caithfidh mé a bheith láidir …
agus bogadh ar aghaidh …

Mínigh conas is féidir duine ag cuardach bhrí na beatha a fheiceáil i bhfocail an amhráin thuas.

**(b)**


Ealaín


Leabhair


Scannánaíocht


Ceol

Déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi a léirítear ceist faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann ar cheann amháin de na bealaí atá luaite thuas.

**Ceist 2**

**(a)** Meaitseáil na ráitis thíos leis an gcéim creidimh reiligiúnaigh is mó lena mbaineann sé ón liosta a leanas. Rinneadh ráiteas amháin a mheaitseáil mar shampla duit.

**A** Creideamh Déagóra | **B** Creideamh Linbh | **C** Creideamh Aibí

| Ráitis (Scríobh an litir thíos do **gach** céim creidimh atá tugtha thuas.) | Ráitis Creidimh |
|---|---|
| Smaoiním ar Dhia mar sheanfhear críonna, ar inis mo sheanathair dom faoi, a théann i gcúram orainn ar fad agus atá ina chónaí sa spéir. | |
| Tá meas agam ar an gcaidreamh atá agam le Dia/leis na déithe/ leis an neach diaga i mo shaol. | |
| Ar nós mo chairde, tá a lán ceisteanna agam faoi Dhia/na déithe/ faoin neach diaga, nach bhfuil freagraí faighte agam orthu. | A |

**(b)** Luaigh cén fáth a bhfuil an bhaint is mó ag ráiteas **amháin** acu leis an gcéim creidimh a ndearna tú a mheaitseáil leis i bpáirt (a) thuas.

An chéim creidimh:

**(c)**  Ealaín  Scannánaíocht  Ceol

Mol conas a d'fhéadfadh ceann **amháin** díobh seo thuas tionchar a imirt ar an bhforbairt ar chreideamh reiligiúnach.

**Ceist 3**

Léigh an cuntas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.





Mar gur tógadh Clare Crockett i dteaghlach Caitliceach Rómhánach, chuaigh sí leo gach seachtain chun guí agus an Eocairist a cheiliúradh ina séipéal áitiúil. Ach, tar éis a blianta déagóra, stop Clare den fhreastal ar an séipéal gach seachtain. An fócas a bhí aici ina saol ná go n-éireodh léi ina post mar láithreoir teilifíse agus í ag súil go mbeadh gairm aici sa scannánaíocht.
Ansin thosaigh Clare ag mothú míshásta lena saol agus thosaigh sí ag ól a lán alcóil agus ag tógáil drugaí mídhleathacha. Ag an tráth seo d'éirigh deirfiúr Clare tinn agus bhí Clare sásta a háit a thógáil ar chuairt go dtí an Spáinn. Bhí Clare i séipéal Aoine an Chéasta nuair a iarradh uirthi cros chéasta a phógadh. Ba ghotha simplí é inar mhothaigh sí go raibh Íosa ina saol. Thuig Clare go raibh uirthi a cineál saoil a athrú agus thosaigh sí ag smaoineamh níos doimhne faoin taobh reiligiúnach dá saol. Bliain níos déanaí, chinn Clare a saol a thabhairt d'Íosa agus ghlac sí móideanna le bheith ina bean rialta.
Nuair a chuaigh Clare isteach sa chlochar, dhírigh sí ar theagasc Íosa a scaipeadh agus a scileanna aisteoireachta agus amhránaíochta a bhí forbartha aici ina gairm roimhe sin a úsáid. Fuair Clare amach go raibh bua ar leith aici cuidiú le leanaí ó chúlraí deacra, agus a bheith ag tabhairt aire d'othair a bhí tinn in ospidéil. Chuaigh Clare ag obair i Méiriceá Theas, áit ar chuidigh sí le scoil a rith chun oideachas a thabhairt do leanaí agus chun tacaíocht bhreise a thabhairt dá dteaghlaigh le bia agus le cógais.

**(a)** Luaigh **dhá** shlí inar athraigh creideamh Clare de réir an chuntais thuas.

| |
|---|
| Athrú **1**. |
| |
| |
| |
| |
| Athrú **2**. |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ó do léamh ar an gcuntas thuas, mínigh conas a thug reiligiún brí na beatha do Clare.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

**(a)**

**A** An Bhagavad Gita

**B** Na Soiscéil

**C** An Córán/Qur'an

**D** An Tórá/Torah

**E** Na Tripitaka

Meaitseáil **dhá** cheann de na téacsanna diaga thuas leis na reiligiúin is mó lena mbaineann siad ón liosta a leanas: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| Téacsanna Diaga (Scríobh na litreacha thíos do **dhá** théacs dhiaga a thugtar thuas.) | Reiligiúin |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |

**(b)** Scrúdaigh conas is féidir le téacs diaga ról a imirt i saol na gcreidmheach i gceann **amháin** de na reiligiúin a leanas:

Búdachas An Chríostaíocht Hiondúchas Ioslam Giúdachas

| Reiligiún: |
|---|
| Téacs Diaga: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



**Ceist 5**

**(a)**

| **A** Abrahám | **B** Íosa Nazórach | **C** Mahamad | **D** Siddartha Guatama | **E** Na Seacht Rishi |
|---|---|---|---|---|

Meaitseáil ainm ceann **amháin** de na bunaitheoirí reiligiúnacha nó den lucht leanúna tosaigh leis an reiligiún is mó lenar bhain sé/siad ón liosta seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| Bunaitheoir reiligiúnach nó lucht leanúna tosaigh (Scríobh an litir thíos do bhunaitheoir reiligiúnach nó lucht leanúna tosaigh **amháin** a luaitear thuas.) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí inar féidir tiomantas dá gcreideamh reiligiúnach a fheiceáil i scéal bheatha an bhunaitheora nó an lucht leanúna tosaigh de cheann **amháin** de na reiligiúin seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Ainm an bhunaitheora/lucht leanúna tosaigh: |
| **1.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

| Roinn B | 120 marc |
|---|---|

**Ceist 6**


**(a)** Ainmnigh duine **amháin** a d'imir ról i bhforbairt na Críostaíochta in Éirinn.

**(b)** Déan cur síos ar shampla **amháin** den tslí ar imir an duine ainmnithe i bpáirt (a) thuas ról i bhforbairt na Críostaíochta in Éirinn.



**Ceist 7**

**(a)** Meaitseáil **gach** ceann de na creidiúintí reiligiúnacha thíos leis an reiligiún is mó lena mbaineann sí ón liosta seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam agus Giúdachas.




| Creidiúintí Reiligiúnacha | Reiligiúin |
|---|---|
| Athionchollú | |
| An Conradh | |
| Na Ceithre Fhírinne Thriathacha | |
| Na Sé hAirteagal Creidimh | |
| An Tríonóid | |

**(b)** Léigh an t-agallamh thíos le duine atá ag caint faoi conas a imríonn a creidiúintí reiligiúnacha tionchar ar an gcaoi ina maireann sí in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Tá baint agam le carthanas a chuireann cuarda anraith ar fáil do dhaoine gan dídean agus do dhaoine eile a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu. Cuirimid spásanna sábháilte ar fáil do mhná chun labhairt faoi fhadhbanna atá acu sa bhaile nó ina bpobal. Tugaimid cainteanna freisin i scoileanna chun an tuiscint ar Ioslam a scaipeadh agus ar a theachtaireacht lárnach maidir le síocháin.  Mar a mhúin Mahamad dá lucht leanúna le roinnt le daoine eile i ngátar, agus baint agam leis an gcarthanas seo, fuair mé an deis cairde a dhéanamh agus mo chreideamh a neartú.




Mínigh conas a léirítear creideamh reiligiúnach ina bhfuil á dhéanamh ag na daoine a ndéantar cur síos orthu san agallamh thuas.

**Ceist 8**

**(a)** Léigh an cuntas thíos faoi dhuine a thug cuairt ar reilig áitiúil agus freagair an cheist a leanann é.

Chuaigh mé le déanaí chuig reilig le cara chun bláthanna a chur ar uaigh a seanmháthar.  Bhí lúcháir orainn faoin gcúram maith a bhí á thabhairt do na huaigheanna.  Ar a lán uaigheanna bhí clocha móra eibhir agus bhí ainm, dátaí breithe agus báis an duine scríofa orthu.  Thosaigh bean ag caint le grúpa a bhí bailithe timpeall ar uaigh.  Bhí cónra fite le giolcacha leagtha ar an talamh in aice na huaighe.  D'iarr an bhean ar dhaoine éagsúla sa ghrúpa cuimhní a roinnt faoin duine a fuair bás.  Léigh ball amháin den ghrúpa véarsa ón dán ab fhearr leis an duine.  Ansin thosaigh ceol agus tháinig grúpa daoine chun tosaigh agus crann beag á iompar acu a chuir siad ag taobh amháin den uaigh. Agus an grúpa ag imeacht, d'fhéadfainn daoine a chloisteáil ag caint faoin gcaoi inar chuir an ceol an duine a fuair bás i gcuimhne dóibh.  Labhair daoine eile faoi chuairt a thabhairt ar an uaigh níos déanaí chun uisce a chur ar an gcrann agus chun onóir a thabhairt do chuimhne a gcarad.



Ó do léamh ar an tuairisc thuas, críochnaigh na habairtí seo a leanas agus úsáid na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuimhní | Giolcacha | ~~Clocha~~ | Crann |

| | |
|---|---|
| **(i)** | Ar a lán uaigheanna bhí …clocha…móra eibhir. |
| **(ii)** | Cónra fite le … |
| **(iii)** | D'iarr an bhean ar dhaoine éagsúla sa ghrúpa … … a roinnt. |
| **(iv)** | Tháinig daoine chun tosaigh agus … … á iompar acu. |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le sampla **eile** de shearmanas neamhreiligiúnach a dhéanann ócáid thábhachtach i saol duine a chomóradh.

| |
|---|
| Imeacht saoil: |
| Searmanas: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**

**(a)**

**A** Cré na nAspal

**B** Mantra Gayatri

**C** Om Mani Padme Hum

**D** Paidir an tSolais

**E** Seama

Meaitseáil ceann **amháin** de na samplaí de phaidreacha thuas leis an reiligiún is mó lena mbaineann sé ón liosta seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| Paidir<br>(Scríobh an litir thíos don sampla **amháin** de phaidir atá tugtha thuas.) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(b)** Sa ghrianghraf thall, taispeántar daoine i mbun deasghnátha reiligiúnacha.

Mol cúis **amháin** a bhfuil an chuma air go bhfuil na daoine sa ghrianghraf thall i mbun deasghnátha reiligiúnacha.



| Cúis: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Luaigh cúis **amháin** a mbíonn deasghnátha reiligiúnacha in úsáid ag creidmhigh sa phaidreoireacht i gceann **amháin** de na reiligiúin a leanas: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| Reiligiún: |
|---|
| Cúis: |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le deasghnáth **eile** a úsáideann creidmhigh sa phaidreoireacht i gceann **amháin** de na reiligiúin seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| |
|---|
| Reiligiún: |
| Deasghnáth: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## Ceist 10



**(a)** Léigh na tuairiscí thíos ó dhaoine a rinne cur síos ar a gcúiseanna le cuairt a thabhairt ar Loch Dearg i gContae Dhún na nGall agus freagair an cheist a leanann iad.

Agus mé ar saoire i gContae Dhún na nGall, chaith mé lá ar cuairt ar Loch Dearg. Bhí iontas orm daoine a fheiceáil ag siúl cosnochta timpeall an oileáin. Nuair a labhair mé le daoine dúirt siad liom toisc gur áit oilithreachta é an t-oileán agus go raibh siad ag siúl cosnochta agus tósta tirim amháin á ithe acu agus tae/caife gan aon bhainne á ól acu. Agus am caite agam ar an oileán thuig mé agus ba léir dom na rudaí is tábhachtaí sa saol.

Nuair a chuala mo mhamó go raibh mé ag dul go Loch Dearg, d’iarr sí orm guí ag na Leapacha Aithrí dár dteaghlach uile. Nuair a leaindeáil ár mbád ag an oileán chuaigh mé i dtreo na gciorcal beag cloiche a chreidtear gur fothracha de bhotháin iad a thóg na manaigh a mhair ann fadó. Bhí daoine ag guí go ciúin agus iad ag siúl timpeall gach ciorcail. Stop roinnt díobh chun dul ar a nglúine agus guí in aice na ndealbh ar an oileán. Sa tráthnóna bhailigh na daoine le chéile sa séipéal agus ghuigh siad i rith na hoíche.





Ó do léamh ar na tuairiscí thuas, críochnaigh na habairtí seo a leanas agus úsáid na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

| Séipéal | ~~Saol~~ | Oilithreachta | Guigh |
|---|---|---|---|

| | |
|---|---|
| **(i)** | Agus am caite agam ar an oileán thuig mé agus ba léir dom na rudaí is tábhachtaí sa … saol. |
| **(ii)** | Is áit … … é an t-oileán. |
| **(iii)** | Tabhair cuairt ar na Leapacha Aithrí chun … |
| **(iv)** | Sa tráthnóna, bhailigh na daoine le chéile sa … |

**(b)** Ainmnigh áit in Éirinn seachas Loch Dearg, Contae Dhún na nGall, a bhfuil tábhacht ag baint léi do phobal creidimh ón gcianaimsir.

| Ainm na háite: |
|---|

**(c)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht ag baint leis an áit atá ainmnithe agat i bpáirt (b) thuas do phobal creidimh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

| Cúis **1**. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Cúis **2**. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

## Roinn C — 120 marc

**Ceist 11**

**(a)**

**A**
Na Deich nAitheanta

**B**
Na Sútraí Darma

**C**
Conair na nOcht Rian

**D**
Na Cúig Cholún

**E**
Dlí an Ghrá

Meaitseáil **dhá** cheann de na samplaí thuas de chóid mhorálta leis na reiligiúin is mó lena mbaineann siad ón liosta seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.

| Cóid Mhorálta<br>(Scríobh na litreacha thíos do **dhá** chód mhorálta a thugtar thuas.) | Reiligiúin |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |

**(b)** Mínigh conas is féidir le cód morálta ó reiligiún **amháin** ón liosta a leanas cuidiú le creidmhigh agus cinntí morálta á ndéanamh: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam nó Giúdachas.




Reiligiún:

Cód Morálta:

**Ceist 12**

Déan cur síos ar chosúlacht **amháin** idir an tuiscint ar shaol maith morálta a mhaireachtáil a chuirtear i láthair i gcód morálta reiligiúnach agus conas a thuigtear é seo ó thaobh dearcadh neamhreiligiúnach de.

**Ceist 13**

Céim amháin is ea a bheith ag féachaint ar theagasc cóid mhorálta a d’fhéadfadh duine a ghlacadh agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoi cad atá ceart agus mícheart.

Tabhair céim **eile** a d’fhéadfadh duine a ghlacadh chun cuidiú leis/léi cinneadh a dhéanamh faoin tslí mhorálta lena hiompar i suíomh áirithe.



**Ceist 14**

**(a)** Léigh an cuntas thíos faoi shaol agus faoi shaothar Leonard Cheshire agus freagair an cheist a leanann é.



Bhí Leonard Cheshire ar dhuine de na píolótaí a fuair an gradam ab airde i rith an Dara Cogadh Domhanda. Bhí creideamh reiligiúnach mar chuid ríthábhachtach de shaol Leonard. Chuir na slite a bhfaca sé daoine ag fulaingt i rith an chogaidh isteach go mór air. Nuair a tháinig deireadh leis an gcogadh, thoiligh Leonard iarshaighdiúir a thabhairt isteach ina theach, fear a bhí ag fáil bháis le hailse san ospidéal agus nach raibh aon áit eile aige le dul. Chinn Leonard scileanna altranais a fhoghlaim ionas go bhféadfadh sé aire a thabhairt don saighdiúir a bhí ag fáil bháis. Taobh istigh d'achar gairid, tháinig daoine eile a bhí ag fulaingt ar shlite éagsúla chuig Leonard le cuidiú a lorg. Go luath, bhí níos mó ná fiche duine a raibh riachtanais agus tinnis éagsúla orthu ag fanacht ina theach. Chaith Leonard an chuid eile dá shaol ag cuidiú le daoine a raibh riachtanais éagsúla acu.

Ó do léamh ar an gcuntas thuas, déan cur síos ar **dhá** shlí inar féidir atrua a fheiceáil sna gníomhartha a bhí ar bun ag Leonard Cheshire.

Gníomh **1**.

| Gníomh **2**. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ainmnigh grúpa/eagraíocht reiligiúnach nó neamhreiligiúnach a bhfuil síocháin agus athmhuintearas á gcur chun cinn aige/aici i ndomhan an lae inniu.

| Ainm an ghrúpa/na heagraíochta: |
|---|

**(c)** Úsáid samplaí agus mínigh conas atá an obair atá á déanamh ag an ngrúpa/eagraíocht a d'aimnigh tú i bpáirt (b) thuas ag cur síochána agus athmhuintearais chun cinn inniu.



| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 15**

**(a)** Léigh an cuntas thíos faoi ghrúpa comharsan agus críochnaigh na habairtí a leanas agus úsáid na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

Tagaimid le chéile gach mí chun aire a thabhairt do na spásanna oscailte inár gceantar. Táimid ag iarraidh go mbeidh ár gceantar ina áit níos fearr do gach duine le maireachtáil ann agus le cuairt a thabhairt air. Buaileann daoine idir óg agus aosta agus as gach cúlra linn ar feadh uair an chloig san iarnóin an Satharn deiridh de gach mí. Aon bhruscar atá ann bailímid é. I míonna an tsamhraidh bainimid an féar agus cuirimid bláthanna. Agus muid ag bailiú le chéile sa tslí seo, mothaímid cómhuintearas agus bród as an áit ina mairimid.





| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cúlraí | Gach Duine | Bruscar | Bród | ~~Spásanna~~ |

| | |
|---|---|
| **(i)** | Bailímid le chéile gach mí chun aire a thabhairt do na … spásanna … oscailte. |
| **(ii)** | Táimid ag iarraidh go mbeidh ár gceantar ina áit níos fearr do … |
| **(iii)** | Bailímid aon … |
| **(iv)** | Daoine idir óg agus aosta agus … |
| **(v)** | Agus muid ag bailiú le chéile sa tslí seo, mothaímid cómhuintearas agus … |

**(b)** Ainmnigh grúpa/eagraíocht a chuireann cúram chun cinn do dhomhan an lae inniu.

| Ainm an ghrúpa/na heagraíochta: |
|---|

**(c)** Mínigh **dhá** shlí a spreagtar cúram a thabhairt don domhan i dteagasc ceann **amháin** de na reiligiúin a leanas:

Búdachas     An Chríostaíocht     Hiondúchas     Ioslam     Giúdachas

| Reiligiún: |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhánna ar lch 3: An Chéad Phictiúr: https://w7.pngwing.com/pngs/905/481/png-transparent-man-guitarsilhouette-playing-instrument-person-people-human-music-musical.png;
An Dara Pictiúr: https://clipart-library.com/clipart/rTnBKzETR.htm;
An Tríú Pictiúr: pngimagesfree.com;
An Ceathrú Pictiúr: https://www.shutterstock.com/image-vector/movie-clapper-film-reel-over-white-206259643
An Cúigiú Pictiúr: https://cliparts.co/music-symbol-clip-art

Íomhánna ar lch 4: An Chéad Phictiúr: https://clipart-library.com/clipart/artist-cliparts-15.htm
An Dara Pictiúr: https://clipart-library.com/clipart/1239262.htm
An Tríú Pictiúr: https://clipart-library.com/clipart/1355654.htm

Íomhánna ar lch 5: An Chéad Phictiúr & An Dara Pictiúr: https://www.sisterclare.com/en/her-life/biography

Íomhánna ar lch 7: An Chéad Phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922
An Dara Pictiúr: https://www.cerisnet.pitt.edu/event/nature-and-environment-in-the-sacred-texts-of-world-religions

Íomhánna ar lch 11: An Chéad Phictiúr: https://www.shutterstock.com/search/celtic-high-cross
An Dara Pictiúr: Arna chur in oiriúint ó https://www.baamboozle.com/index.php/study/424746

Íomhánna ar lch 12: An Chéad Phictiúr: https://msoe.ie/our-work/
An Dara Pictiúr: https://www.thenaturalburialcompany.co.uk/about/why-choose-natural-burial/

Íomhá ar lch 14: https://www.linkedin.com/pulse/brandkibaatein-learning-marketing-from-religion-mohammad-hareef?trk=public_post

Íomhánna ar lch 15: An Chéad Phictiúr & An Dara Pictiúr: https://www.loughderg.org/three-day-pilgrimage-dates-admission/island/
An Tríú Pictiúr Picture: https://www.flickr.com/photos/afborchert/5533658445

Íomhá ar lch 19: Arna chur in oiriúint ó https://everything-education.com/moralcodementalhealth/

Íomhá ar lch 20: https://th.bing.com/th/id/OIP.tZ3gtqgVFhV7kHCA7gxJsQHaHa?w=180&h=180&c=7&r=0&o=5&pid=1.7

Íomhá ar lch 21: https://medium.com/raf-caps/group-captain-leonard-cheshire-on-leadership-20ad21dce309

Íomhá ar lch 22: https://www.acu.ac.uk/funding-opportunities/for-university staff/grants/commonwealth - peace-and-reconciliation-network-grants/

Íomhánna ar lch 23: An Chéad Phictiúr: https://www.southerncompany.com/our-community/environmental stewardship.html
An Dara Pictiúr: https://blog.remoovit.com/2021/06/23/10-environmental-stewardship-activities-for-kids/

Íomhánna ar lch 24: An Chéad Phictiúr: https://www.pinclipart.com/picdir/middle/35-351922
An Dara Pictiúr: https://scoiltalbot.scoilnet.ie/blog/2015/09/11/how-many-languages- do-we-speak-here-at-talbot/

**Téacsanna**

Téacs ar lch 3: Arna chur in oiriúint ó https://www.azlyrics.com/lyrics/mileycyrus/theclimb.html

Téacs ar lch 5: Arna chur in oiriúint ó https://www.sisterclare.com/en/her-life/biography

Téacsanna ar lch 12: https://msoe.ie/our-work; Arna chur in oiriúint ó https://www.greengraveyard.com/natural-burial-ground-or-woodland-burial-ground

Téacs ar lch 15: Arna chur in oiriúint ó https://www.loughderg.org/three-day-pilgrimage-programme/

Téacs ar lch 21: Arna chur in oiriúint ó https://rewind.leonardcheshire.org/wpcontent/uploads/2020/10/Resonate-History-Booklet.pdf; www.leonardcheshire.org; www.cheshire.ie

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Oideachas Reiligiúnach

Dé Céadaoin 4 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:30